A ógáin ón, a ógáin

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 43]

D'Ógán éigin

1 A ógáin ón a ógáin
do ní suirghe le hóg-mhnáibh
mall do ní réir an Choimdhe
duit bhus doilghe a ógáin.

2 A ghille ón a ghille
do ní uaill as do ghile
saoile féin nach fuil claochlódh
id bhaoth-ghlór bhaoth gan . . . (?)

3 Ní cheileam ón ní cheileam
do cháil féin ort fa dheireadh
gidh mór t'uaill is tú an t-amlán
is tú an marbhán meirtneach.

4 Mór t'uabhar ón mór t'uabhar
as do chorp nach glan cnuasach
a ndéin d'antoil do chalann
[biaidh] ar t'anam ['na] ualach.

5 A thruaighe ón a thruaighe
ní thuige cá ní as truaighe
an té do bhí in-é id chomann
aniú i gcomhthrom na huaighe.

6 Lá éigne ón lá éigne
re n-éag i n-íoc bhar bpéine
tusa is bean an déid daith-ghil
sínfidh bhar n-aire ó chéile.

7 Searbh libh-se ón searbh libh-se
['s teagasg] ar mhaithe ribh-se
ní misde leam don chur-sa
gearr mhairfeas tusa is ise.

8 Cúis [caoinimh] ón cúis [caoinimh]
damh-sa nach mé féin chaoinim
is gur mó [d']olc ar séad[a]
ná uilc céada do dhaoinibh.

9 A rí chalma ón a rí chalma
ní fiú mé trém olc t'agra

gidh eadh is fiú dod ghrásaibh
mo dhíon ar námhaid m'anma   A ÓGAIN.